

Coláiste Chroí Mhuire

UIMHIR 2

EANAIR 2011

Toabh Istigh

Turas go Zambia & Lucht na hIdirbhlana	2
Buaiteoirí Craobh na Gaillimhe	3
Plean Teanga don Spidéal	3
Cúrsaí TEC sa scoil.	3
Seó Tallainne na Scoile	4
Oíche Oscailte	4
Tús maith, leath na	4

Focal ón bPríomhoide

Cuirim fáilte roimh an dara eagrán den nuachtlitir seo, a thugann deis dúinn breathnú siar an an téarma atá curtha isteach againn agus aghaidh a thabhairt ar an mbliain nua atá amach romhainn. Táimid ag súil go mór leis an am a chaithfidh muid le chéile i 2011 agus táimid ag ceiliúradh na rudaí maithe atá tarlaithe sa chéad téarma.

Déanaim comhghairdeachas le rang na hÁrdteiste 2010, thuill sibh go maith na torthaí maithe a fuair sibh. Tá sé go deas go bhfuil an oiread sin agaibh le chéile in Ollscoil na Gaillimhe agus sa GMIT, tá a fhios agam go bhfuil sibh ag tabhairt aire mhaith dá chéile. Go raibh maith agaibh as ucht teacht chuig an gceolchoirm, airíonn sé go bhfuil sibh mar chuid dinn i gcónaí. Tá súil agm go bhfuil sibhse atá ag staidéar i mBÁC, i Manchuinn, Luimneach agus sa Tuaisceart ag socrú isteach i bhur saol nua.

Comhghairdeachas freisin don rang Teastas Sóisearach 2010, tá súil agam go rachaidh sibh ó neart go neart agus go dtógfaidh sibh ar an mbunchloch maith atá curtha agaibh.

I mbliana, d'fhág muid slán le **Helena Bn. Uí Ráighne**, atá éirithe as a post múinteoireachta. Guíonn muid gach rath agus fadsaoil uirthi, agus glacann muid buíochas léi as ucht a cuid oibre i gCCM thar na mblianta. Fáiltíonn muid roimh **Mhuiris Ó Conaill**, a tháinig ina háit, agus atá gnóthach ag múineadh Mata agus ag traenáil peile leis na buachaillí sa chéad agus sa dara bliain.

Cuireann muid fáilte mór roimh dhaltai na céadblana. Tá an cosúlacht orthu go bhfuil siad socrúithe isteach go maith i saol na meán-scoile. Is mór an spóirt sibh, cuidíonn sibh leis an atmasféar sona atá sa scoil.

Léifidh sibh féin faoi na rudaí éagsúla iontacha atá déanta agaibh, agus tá súil agam go mbainfidh sibh sult as an aitheantas a bhronnann an focal clóscríofa oraibh. Tá moladh mór le dul daoibh, agus glacaim buíochas chomh maith le tuismitheoirí uile na scoile, a thugann tacaíocht, cúnamh agus

comhairle don scoil.

Le críochnú ba mhaith liom dhá rang a lua ach go háirithe. Ba mhaith liom rang na hIdirbhlana a mholadh as ucht an méid oibre atá siad ag déanamh i mbliana.



Group ón Árdteist a ghlac páirt sa seó tallainne roimh na nollag



Míle buíochas le gach duine a cheannaigh féilire na scoile i mbliana. Máire Ní Chonchubhair a bhí freagrach as an tionscadal. Ó thaobh na scoile de tá ardmholadh ag dul go Kaitlyn Ní Dháibhí agus Aoife Ní Chéidigh ón idirbhliain a chaith uaireanta ag cur an fhéilire le chéile.

Tá na cártaí agus an féilire go hálainn, bhí an cheolchoirm ar fheabhas, agus tá bhur gcuid fuinnimh agus dearfachta dochreidte. Ba mhaith liom freisin gach rath a ghuimhne ar rang na hÁrdteiste. Tuigeann muid gur bliain chrua í seo, ná cailligí misneach, is mór is fiú bhur gcuid iarrachtaí agus oibre agus le cúnamh Dé beidh dea-thoradh ar an dua ar fad.

Athbhliain faoi mhaise daoibh ar fad!

Tríona Uí Mhurchú

An Seomra Adhmadóireachta Nua

Táimid blianta fada ag fanacht leis an seomra adhmadóireachta nua. Mar is eol d'éinne ar bhuail casúr sa seancheann, bhí sé réidh le titim as a chéile. Ach faoi dheireadh tá an ceann nua againn, agus b'fhiú an feitheamh. Is ceann breá é, agus tá súil againn go mbeidh gach rath ar na daltaí agus na múinteoirí a úsáidfidh é. Go maire sibh é.

Alan Kerins Projects & Lucht na hIdirbhlana

Turas go Zambia-Aibreáin 2011



Gearradh puimcíní!!

Tá Coláiste Chroí Mhuire, Foróige agus Alan Kerins ag obair le chéile i dtogra a fheicfidh muid ag tabhairt cúnamh don obair atá ar siúl ag an 'Alan Kerins Projects' i Zambia.

Mar chuid den togra seo tá sé i gceist ag roinnt den rang taistil go Zambia um Cháisc. Beidh siad ag cuidiú leis an obair tógala, ag obair sna scoileanna agus sa teach dílleachta, agus ag cur dlúthceirnín de cheol dheagóirí Zambia agus dheagóirí CCM le chéile.

Chun iad a ullmhú don turas seo, tá club bunaithe ag an rang, a gcuid tuismitheoirí agus áisitheoirí Foróige a chasann ar a chéile gach trathnóna Dé hAoine. Oibríonn siad ar na



Cuid de rang na hIdirbhlana a rinne an-obair don cheolchoirm. Mar a fheictear bhí cuid acu ag tógáil páirte agus iad siúd nach raibh, bhí sár obair á dhéanamh acu ar chúl an stáitse

h i m e a c h t a í s e o .

Mar atá le feiceáil thíos, is dream fuinneamhúil iad an rang, bíonn said gnóthach an t-am ar fad, seo cuid de na himeachtaí a eagraíodh :

- ◆ Bailiúchán sráide,
- ◆ Gearradh puimcíní' le bun-scoil áitiúil
- ◆ Bailiúchán seanéadaí

- ◆ Tráth na gceist.
- ◆ Féilire curtha le chéile acu a díoladh sa scoil
- ◆ D'eagraigh said comórtas ealaíne le cártaí na Nollag a chur le chéile le díol sa scoil agus sna siopaí áitiúla.
- ◆ Bhí ceolchoirm acu ar an 9ú agus an 13ú Mí na Nollag. Níos mó faoi seo ar an gcúl leathanach.
- ◆ Bhí oíche rásaí capall acu in

óstán i mBóthar na Trá, 'The Galway Bay' ar an 26ú Samhain.

- ◆ Tá sé i gceist acu seó faisíuín a bheith acu chomh maith le rásaí na gcon go luath san athbhliain



Cartaí na Nollag dearaithe ag daltaí na Scoile. Bhí baint ag gasúir ó chuide bhliain le dearadh na gcártaí. Bn Ui Dhiollúin a bhí i gceannas ar an tionscadal seo le an-tacaíocht ó lucht na hIdirbhlana agus Rhona Ní Thiarnáin, an múinteoir ealaíne B'iontach an t-éileamh a bhí ar na cártaí!!

Rang na hIdirbhlana (ar dheis) leis na málaí seanéadaí a bhailítear



scilleanna a bhéas ag teastáil uathu chun an togra seo a thabhairt chun críche, ar scoil agus sa chlub.

Le hairgead a bhailiú do Zambia agus le cuidiú leis na costaisí taistil a bhéas acu féin, tá said ag eagrú go leor imeachtaí laistigh agus lasmuigh don scoil. Buíochas ó chroí leis na tuismitheoirí as an tacaíocht leanúnach atá said ag tabhairt do na

Buaiteoirí Chraobh Chontae Scoileanna Sinsir B na Gaillimhe



Ar chúl, ó chlé: Pádraic Ó Conaire (Traenálaí), Brian Ó Conghaile, Darryn Ó Curraoin, Daithí Breathnach, Cathal Ó Cualáin, Éinne Ó hEochaidh (captaen), Joe Ó Fátharta, Eamonn Ó Curraoin, Mícheál Ó Sléibhín, Cillín Ó hEochaidh agus Andrew Carney (Bainisteoir).

Chun tosaigh, ó chlé: Éanna Ó Griallais, Kevin Ó Donabháin, Andriú Ó hUrná, Tadhg Ó Caoimh, Séamus Ó Conghaile agus Jack Ó Broin.

B'iad Coláiste Chroí Mhuire buaiteoirí an chluiche ceannais peile i gcomórtas scoileanna Sinsir B na Gaillimhe. Bhí bua éasca acu in aghaidh Gairmscoil Mhuire, Béal Átha an Rí. Andrew Carney a bhí acu mar bhainisteoir agus Pádraic Ó Conaire mar thraenálaí.

Ní gá a rá go raibhimid thar a bheith bródúil astu, d'imigh dhá bhus tacadóirí ón scoil go dtí Staid an Phiar-saigh an lá sin. Ar a mbealach go dtí an croabh bhuaigh siad ar Choláiste Sheosamh (Bish) agus Scoil Naomh Póil, Uachtar Árd.

Na scóráilaithe a bhí ag Coláiste Chroí Mhuire ar an lá ná: Séamus Ó Conghaile (3-4), Cillín Ó hEochaidh (3-3), Éanna Ó Griallais (0-4), Brian Ó Conghaile (0-4), Mícheál Ó Sléibhín (0-2), Joe Ó Fátharta (0-2), Jack Ó Broin (0-1) agus Kevin Ó Donabháin (0-1).

Cúrsaí TEC sa scoil.

Cuireann muid fáilte roimh infheistíocht na Roinne Oideachais agus Scilleanna in áiseanna theicneolaíocht eolais agus chumarsáid na scoile. Is íontach na h-áiseanna teagaisc agus foghlamtha iad an t-uastelgeoir data agus ríomhairí a bheith i ngach aon seomra ranga.

Cuideoidh said go mór leis na siollabais nua i dtaobh Árdteiste Gaeilge agus an Tionscnamh Mata, agus ar ndóigh le gach abhar eile chomh maith.



Céiliúradh taréis an gcluiche!!

Peil—Faoi 17

Go néirí leis an bhfoireann faoi-17 a bheidh ag imirt in aghaidh Coláiste Éinne i gcluiche ceannais an chontae, B, i mí Eanáir.

Plean teanga do cheantar an Spidéal

Bhí daltaí, bord bainistíochta agus pobal na scoile páirteach sa taighde a déanadh i leith réiteach plean teanga do cheantar an Spidéal. Bhíodar gníomhach i ngrupaí fócais, taighde agus comhairliúcháin. Chomh maith le sin bhí scoláirí CCM mar chuid de chomórtas chun logo agus manna a dhearadh do fheachtas an phlean. Le cúidiú Dé beidh ráth ar a gcuid iarrachtaí sna blianta fada atá le teacht.


Seó Tallainne na Scoile: “Samhlaíocht”

Ba mhór an chúis bróid é don scoil nuair a a thóg na daltaí ó gach rang páirt i “Samhlaíocht”, seó tallainne na scoile i mbliana. Tá ardmholadh tuillte ag gach duine a chabhraigh lena chur i gcrích. B'iad lucht na hldirblíana a smaoinigh ar ag an tús agus rinne siad an taighde uilig, bhailigh siad na spot-duaiseanna agus is iad a dhear na ticéid agus póstaí le an-chúnamh ón múinteoir ealaíne, **Rhona Ni Thiarnáin**. Cuireadh an t-airgead ar fad a bailíodh trí dhíolachán ticéid, ticéid raifil agus “hoodies” i gciste “Alan Kerins”.

Ní bheadh aon seó againn gan sár-obair **Hilary Vesey**, **Bróna Ni Uallacháin** agus **Máire Ni Fhloinn**, múinteoirí na scoile, a spreag agus a threoraigh agus a thug misneach do na daltaí tabhairt faoin oíche. Ag an tús bhí an seó le bheith ar siúl i Se-

anscoil Sailearna ar an 9ú Nollag amháin, ach bhí an oiread sin suime ann gur cuireadh oíche eile ar siúl ar an

ar an sean-nós agus gan trácht ar ár “JLS” féin. **Bhí sibh ar fad ar fheabhas, maith sibh!**



Buíochas freisin le na tuismitheoirí ar fad a thug an oiread sin ta-
caíochta don scoil agus as tallann a bpáistí a chaomhnú. Ní miste buíochas speisialta a ghla-
cadh le tuismitheoir amháin, **Enda Bonner**, a bhí thar a bheith gnóth-
ach mar fhear fuaime don seó.

Caithfear dalta amháin a lua, **Colm Ó Fátharta** nó **Péigín** fiú amháin!, a scríobh sceitse faoi mhúinteoirí CCM don seó. Bhí an áit in sna

trithí ag gáire ag breathnú air fhéin agus a chara, **Alan Ó Féinné** nó **Nóra** agus iad ag déanamh aithrise ar ár gcuid na-thanna cainte, modhanna múinteoireachta agus ár ngeatsaí. Bheadh orainn admháil gurbh iontach an sceitse a bhí ann— 's é an trua nach raibh siad blas cosúil linn!!!!

Oíche Oscailte do dhaltai nua:

Cuirfear fáilte roimh dhaltai nua agus a gcuid tuismitheoirí/caomhnóirí cuairt a thabhairt ar an scoil ar an **Déardaoin 20ú Eanáir, 2011**, oná seacht go dtí a naoi trathnóna. Glacfar leis na foirmeacha cláraithe ar an oíche sin.

Tosóidh an oíche le caint ón bpríomhoide/Leasphríomhoide, agus ina dhiaidh sin beidh deis ag teaghlach turas na scoile a dhéanamh.

Fón: 553113

Faics: 553412

Ríomh-phost: colaistechroimhure@gmail.ie

“Tús maith, leath na

Bliain nua, tús úrnua, tugann sé seans dúinn ar fad diriú isteach arís ar na bun rudaí atá chomh tábhachtach sin sa saol scoile, agus a chuidíonn go mór le daltaí leas iomlán a bhaint as. Ar an abhár sin meabhraíonn muid do dhaltai agus do thuismitheoirí araon:

- ✓ An tábhacht a bhaineann le poncúlacht, tosnaíonn an lá le paidreacha ag 9.15a.m
- ✓ Teastaíonn míniú scríofa i dtaobh asláithreachais. Tá tinreamh maith riachtannach
- ✓ Ní mór an éide scoile a bheith á chaitheamh ina hiomlán
- ✓ Tá an dialann scoile le húsáid le haghaidh gach obair baile.